2025/1953

3.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1953 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní VII, VIII, XI agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le bearta in aghaidh *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) agus *Anoplophora chinensis* (Forster) a theacht isteach i gcríoch an Aontais agus a láithreacht san Aontas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 41(3), an chéad fhomhír, agus Airteagail 72(2) agus 79(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([2]) in ionad fhorálacha Threoir 2000/29/CE ón gComhairle ([3]) maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánaigh atá díobhálach do phlandaí. Tá nuashonrú agus mionsaothrú breise déanta acu ar na rialacha lena mbaineann maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí.

(2) Go sonrach, bunaítear le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile, de thionscnamh tríú tíortha, agus na ceanglais speisialta chomhfhreagracha maidir lena dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais. Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile, de thionscnamh chríoch an Aontais agus na ceanglais speisialta chomhfhreagracha le haghaidh a ngluaiseachta laistigh de chríoch an Aontais. Leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán sin liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile atá faoi réir deimhnithe fíteashláintíochta agus na nithe nach bhfuil deimhnithe den sórt sin ag teastáil ina leith chun iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais. Liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a bhfuil pas plandaí ag teastáil ina leith le haghaidh a ngluaiseachta laistigh de chríoch an Aontais.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 ón gCoimisiún ([4]) bunaítear bearta chun tabhairt isteach, bunú agus leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) laistigh de chríoch an Aontais a chosc. Cuimsítear leis ceanglais maidir le plandaí agus táirgí plandaí áirithe a thabhairt isteach san Aontas agus a ngluaiseacht laistigh de.

(4) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893 ón gCoimisiún ([5]) lena mbunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) laistigh den Aontas. Aisghaireadh é le Rialachán Cur

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

([3]) Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánach a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leata sa Chomhphobal (IO L 169, 10.7.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/29/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2022 lena suitear bearta chun tabhairt isteach, bunú agus leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) laistigh de chríoch an Aontais a chosc agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/138/AE (IO L 281, 31.10.2022, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2095/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2015 maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) laistigh den Aontas (IO L 146, 11.6.2015, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/893/oj).

Chun Feidhme (AE) 2025/1952 ([6]) lena mbunaítear bearta maidir le *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) a dhíothú ó chríoch an Aontais.

(5) Bhí cur i bhfeidhm fhormhór na mbeart a bunaíodh faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2015/893 éifeachtach chun riosca na lotnaidí sin a laghdú go leibhéal inghlactha.

(6) Is iomchuí, ar mhaithe le comhsheasmhacht agus deimhneacht dhlíthiúil, na bearta sin a chuimsiú, i bhfoirm nuashonraithe nuair is gá, in Iarscríbhinní VII, VIII, XI agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar cheanglais a bhaineann le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a ngluaiseacht laistigh de ar féidir *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) nó *Anoplophora chinensis* (Forster) a bheith mar óstach orthu.

(7) I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart iontrálacha nua, i ndáil le *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) agus *Anoplophora chinensis* (Forster), a chur le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le plandaí le haghaidh plandú agus adhmad i bhfoirm sliseanna, cáithníní, scamhacháin, dramhaíl agus fuíoll adhmaid ó speicis áirithe, adhmad ó speicis áirithe seachas an fhoirm sin, agus ábhar pacáistíochta adhmaid de speicis áirithe.

(8) Ar bhonn thorthaí *Anoplophora chinensis* san Aontas, ba cheart raon feidhme phlandaí óstacha na lotnaide sin a leathnú chun ní hamháin *Aesculus hippocastanum* a chumhdach, ach gach speiceas *Aesculus* a chumhdach.

(9) Mar sin féin, ar bhonn na taithí san Aontas, ba cheart raon feidhme phlandaí óstacha *Anoplophora glabripennis* a laghdú chun speicis ar aimsíodh torthaí nó siomptóim na lotnaide sin orthu a chumhdach.

(10) Chun cur chuige comhréireach a áirithiú i leith an riosca físeashláintíochta faoi seach agus chun soiléireacht dhlíthiúil a ráthú, níor cheart ceanglais speisialta Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a bhaineann leis na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a d'fhéadfadh *Anoplophora glabripennis* a bheith mar óstach orthu a bheith infheidhme ach amháin maidir leis na tríú tíortha sin, inarb eol an lotnaid sin a bheith i láthair. Ba cheart na tíortha sin a liostú in Iarscríbhinn VII.

(11) Ceanglaítear le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2022/2095, chomh maith le hIarscríbhinn II, 2.A.(1)(c) a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893, sula n-aistrítear na plandaí sonraithe laistigh den Aontas, go bhfástar na plandaí i láithreán ina ndéantar, *inter alia*, sampláil scriosach spriocdhírithe ar gach luchtóg de phlandaí sonraithe. De réir na bhforálacha sin, ní mór an tsampláil scriosach spriocdhírithe sin a dhéanamh ar leibhéil shonracha a leagtar amach sna gníomhartha dlí sin.

(12) Is léir ón taithí a fuarthas le linn chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095, agus le linn chur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893, go bhfuil na leibhéil samplála scriosaí ar phlandaí sonraithe díréireach ard, toisc go ndíothaítear líon mór plandaí nach bhfuil gá leis, gan leibhéal muiníne na samplála a mhéadú dá réir sin.

(13) Ar an gcúis sin, ba cheart na ceanglais sin maidir le sampláil scriosach a bhaint, ós rud é gur leor a cheangal go mbeidh an scéim samplála lena mbaineann a úsáidtear le haghaidh cigireachta in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal muiníne 99 %.

(14) Ba cheart na cóid AC a liostaítear in Iarscríbhinn VII agus in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú chun an leasú is déanaí ar Rialachán (CEE) 2658/87 ón gComhairle a léiriú ([7]).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/… ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2025 maidir le bearta chun bunú agus leathadh Anoplophora glabripennis (Motschulsky) laistigh de chríoch an Aontais a chosc agus chun an lotnaid sin a dhíothú agus a shrianadh laistigh de limistéir chríochaithe áirithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893 (IO L, 2025/1952, 3.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1952/oj).

([7]) Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

(15) Thairis sin, ba cheart iontrálacha nua a chur le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le plandaí, adhmad agus ábhar pacáistíochta adhmaid de speicis áirithe, a bhfuil roinnt ama caite acu i limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh, a bunaíodh de bhun Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1952 agus d'Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095. Tá gá leis sin chun a áirithiú nach mbeidh riosca fíteashláintíochta do-ghlactha ag baint le gluaiseacht na dtráchtearraí sin ó limistéir ina bhfuil an lotnaid sin bunaithe go dtí an chuid eile den Aontas.

(16) In Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, Cuid A, i bpointe 3, ba cheart an tagairt do '*Alnus* L., *Carpinus* L., *Cercidiphyllum* Siebold & Zucc., *Corylus* L., *Fagus* L., *Koelreuteria* Laxm., *Platanus* L., *Tilia* spp.' a eisiamh, toisc go bhfuil sé cruthaithe nach iad na speicis sin na hóstaigh is fearr le haghaidh *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) agus, dá bhrí sin, go mbaineann riosca fíteashláintíochta níos ísle leo.

(17) Ba cheart cineálacha áirithe adhmaid a chur leis an liosta atá in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 freisin, toisc go bhfuil gá le pas plandaí le haghaidh a ngluaiseachta laistigh den Aontas, rud a dheimhníonn comhlíonadh na gceanglas speisialta faoi seach a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú dá réir.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072

Leasaítear Iarscríbhinní VII, VIII, XI agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na pointí 32.8 agus 32.9 seo a leanas i ndiaidh phointe 32.7:

‘32.8	Plandaí le haghaidh plandú ag a bhfuil trastomhas gais 1 cm nó níos mó ag an bpointe is tibhe acu, is é sin plandaí *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp., agus *Ulmus* spp.	**ex 0602 10 90** **ex 0602 20 20** **ex 0602 20 80** **ex 0602 90 41** **ex 0602 90 45** **ex 0602 90 46** **ex 0602 90 48** **ex 0602 90 50** **ex 0602 90 70** **ex 0602 90 99**	An tSín, an tSeapáin, an Chóiré Thuaidh, an Liobáin, an Chóiré Theas, an Eilvéis, na Stáit Aontaithe	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí: (a) is de thionscnamh limistéir iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky), i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 4 (*). Luafar an limistéar atá saor ó lotnaidí ar an deimhniú fíteashláintíochta faoin gceannteideal ‘áit tionscnaimh’, ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an stádas go bhfuil an limistéar sin saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré; nó (b) fásadh iad ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a laghad roimh a n-onnmhairiú nó i gcás plandaí atá níos óige ná dhá bhliain, fásadh iad ar feadh a saoil i láthair táirgthe: (i) a suíodh mar áit atá saor ó *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) i gcomhréir le CIBF 10 (**) (ii) a ndearnadh dhá chigireacht oifigiúla ar a laghad orthu gach bliain maidir le haon chomhartha de *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky), agus sin déanta ag tráthanna iomchuí, agus níl aon chomhartha den lotnaid sin aimsithe; (iii) inar fásadh na plandaí i láithreán: — a bhfuil aonrú fisiceach aige i gcoinne thabhairt isteach *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky), nó — ina gcuirtear i bhfeidhm cóireálacha coisctheacha iomchuí agus a bhfuil crios maolánach a bhfuil leithead 1 km ar a laghad aige timpeall air ina ndéantar suirbhéanna oifigiúla go bliantúil ag tráthanna iomchuí maidir le láithreacht nó comharthaí *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky); agus

				(iv) ina raibh na coinsíneachtaí plandaí, díreach roimh a n-onnmhairiú, faoi réir cigireacht oifigiúil maidir le láithreacht *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky), go háirithe ar bhrainsí agus ar ghais, lena n-áirítear sampláil scriosach spriocdhírithe; nó (c) fásadh iad ó fhréamhstoic a chomhlíonann ceanglais phointe (b), rinneadh iad a bheangú le beangáin agus rinneadh cigireacht ar na plandaí beangaithe i gcomhréir le pointe (b)(iv). Beidh méid an tsampla a bhfuil an chigireacht dá dtagraítear i bpointe (b)(iv) le déanamh air leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %.
32.9	Plandaí le haghaidh plandú ag a bhfuil trastomhas gais 1 cm nó níos mó ag an bpointe is tibhe acu, is é sin plandaí *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Alnus* spp., *Betula* spp., *Carpinus* spp., *Citrus* spp., *Cornus* spp., *Corylus* spp., *Cotoneaster* spp., *Crataegus* spp., *Fagus* spp., *Lagerstroemia* spp., *Malus* spp., *Melia* spp., *Ostrya* spp., *Photinia* spp., *Platanus* spp., *Populus* spp., *Prunus laurocerasus*, *Pyrus* spp., *Rosa* spp., *Salix* spp., *Ulmus* spp. agus *Vaccinium corymbosum*	**ex 0602 10 90** **ex 0602 20 20** **ex 0602 20 30** **ex 0602 20 80** **ex 0602 40 00** **ex 0602 90 41** **ex 0602 90 45** **ex 0602 90 46** **ex 0602 90 47** **ex 0602 90 48** **ex 0602 90 50** **ex 0602 90 70** **ex 0602 90 91** **ex 0602 90 99**	Na tríú tíortha uile	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí: (a) is de thionscnamh tír iad a aithnítear a bheith saor ó *Anoplophora chinensis* (Forster), i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF4, ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tríú tír lena mbaineann an stádas go bhfuil sé saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré; nó (b) is de thionscnamh limistéir iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó *Anoplophora chinensis* (Forster), i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 4 (*). Luafar an limistéar atá saor ó lotnaidí ar an deimhniú fíteashláintíochta faoin gceannteideal 'áit tionscnaimh', ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tríú tír lena mbaineann an stádas go bhfuil an limistéar sin saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré; nó

				(c) fásadh iad ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a laghad roimh a n-onnmhairiú nó i gcás plandaí atá níos óige ná dhá bhliain, fásadh iad ar feadh a saoil i láthair táirgthe: (i) a suíodh mar áit atá saor ó *Anoplophora chinensis* (Forster) i gcomhréir le CIBF 10; (ii) a ndearnadh dhá chigireacht oifigiúla ar a laghad orthu gach bliain maidir le haon chomhartha de *Anoplophora chinensis* (Forster), agus sin déanta ag tráthanna iomchuí, agus níl aon chomhartha den lotnaid sin aimsithe; (iii) inar fásadh na plandaí i láithreán: — a bhfuil aonrú fisiceach aige i gcoinne thabhairt isteach *Anoplophora chinensis* (Forster), nó — ina gcuirtear i bhfeidhm cóireálacha coisctheacha iomchuí agus a bhfuil crios maolánach ag a bhfuil leithead 1 km ar a laghad timpeall air ina ndéantar suirbhéanna oifigiúla go bliantúil ag tráthanna iomchuí maidir le láithreacht nó comharthaí *Anoplophora chinensis* (Forster); agus (iv) ina raibh na coinsíneachtaí plandaí, díreach roimh a n-onnmhairiú, faoi réir cigireacht oifigiúil maidir le láithreacht *Anoplophora chinensis* (Forster), go háirithe ar fhréamhacha agus ar ghais, lena n-áirítear sampláil scriosach spriocdhírithe; nó (d) fásadh iad ó fhréamhstoic a chomhlíonann ceanglais phointe (c), rinneadh iad a bheangú le beangáin agus rinneadh cigireacht ar na plandaí beangaithe i gcomhréir le pointe (c)(iv). Beidh méid an tsampla a bhfuil an chigireacht dá dtagraítear i bpointe (c)(iv) le déanamh air leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %.

(*) ISPM 4 Requirements for the establishment of pest free areas [CIBF 4 Ceanglais maidir le limistéir saor ó lotnaidí a bhunú], IPPC, FAO, 1995

(**) ISPM 10 Requirements for the establishment of pest free places of production and pest free production sites [CIBF 10 Ceanglais maidir le láithreáin táirgthe atá saor ó lotnaidí agus láithreáin táirgthe atá saor ó lotnaidí a bhunú], IPPC, FAO, 1999.'

(b) cuirtear isteach na pointí 114 agus 115 seo a leanas:

‘114.	Adhmad ó *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp., agus *Ulmus* spp.,, seachas sna foirmeacha seo a leanas: — sliseanna, cáithníní, scamhacháin, min sáibh, dramhaíl agus fuíoll adhmaid, a fuarthas go hiomlán nó i bpáirt ó na plandaí sin; — ábhar pacáistíochta adhmaid, i bhfoirm cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumaí agus pacáistíocht chomhchosúil, pailléid, pailléid bhoscaí agus cláir lódála eile, coiléir pailléad, starráil, cibé acu atá sé nó nach bhfuil sé in úsáid chun earraí de gach cineál a iompar, seachas starráil a thacaíonn le coinsíneachtaí adhmaid, atá déanta as adhmad den chineál céanna agus den cháilíocht chéanna leis an adhmad atá sa choinsíneacht agus a chomhlíonann na ceanglais fíteashláintíochta chéanna de chuid an Aontais agus a chomhlíonann an t-adhmad sa choinsíneacht, ach lena n-áirítear adhmad nach bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn coinnithe aige*	**ex 4401 12 00** **ex 4403 12 00** **4403 95 10** **4403 95 90** **4403 96 00** **4403 97 00** **ex 4403 99 00** **ex 4404 20 00** **Cásanna práis** **ex 4406 12 00** **ex 4406 92 00** **4407 93 10** **4407 93 91** **4407 93 99** **4407 95 10** **4407 95 91** **4407 95 99** **4407 96 10** **4407 96 91** **4407 96 99** **4407 97 10** **4407 97 91** **4407 97 99** **ex 4407 99 27** **ex 4407 99 40** **ex 4407 99 90** **ex 4409 29 91** **ex 4409 29 99** **ex 4416 00 00** **ex 9406 10 00**	An tSín, an tSeapáin, an Liobáin, an Chóiré Thuaidh, an Chóiré Theas, an Eilvéis, na Stáit Aontaithe	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis an adhmad: (a) is de thionscnamh limistéir é a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky), i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 4(*). Luafar an limistéar atá saor ó lotnaidí ar an deimhniú fíteashláintíochta faoin gceannteideal ‘áit tionscnaimh’, ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an stádas go bhfuil an limistéar sin saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré; nó (b) tá sé rúiscthe agus tá cóireáil teasa iomchuí déanta air chun íosteocht 56 °C a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad leanúnach ar a laghad fad phróifíl iomlán an adhmaid (lena n-áirítear ag a chroílár), rud atá le sonrú ar an deimhniú fíteashláintíochta, tá an marc ‘HT’ curtha ar an adhmad nó ar aon chlúdach i gcomhréir leis an úsáid a bhaintear as faoi láthair.
115.	Adhmad i bhfoirm sliseanna, cáithníní, scamhacháin, dramhaíl agus fuíoll adhmaid a fuarthas go hiomlán nó i bpáirt ó *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp. agus *Ulmus* spp.	**ex 4401 22 90** **ex 4401 49 90** **ex 4401 49 10**	An tSín, an tSeapáin, an Liobáin, an Chóiré Thuaidh, an Chóiré Theas, an Eilvéis, na Stáit Aontaithe	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis an adhmad: (a) is de thionscnamh limistéir é a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky), i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 4(*).

				Luafar an limistéar atá saor ó lotnaidí ar an deimhniú fíteashláintíochta faoin gceannteideal 'áit tionscnaimh', ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an stádas go bhfuil an limistéar sin saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré; nó (b) tá sé rúiscthe agus tá cóireáil teasa iomchuí déanta air chun íosteocht 56 C a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad leanúnach ar a laghad fad phróifíl iomlán an adhmaid (lena n-áirítear ag a chroílár), agus tá sin le sonrú ar an deimhniú fíteashláintíochta; nó (c) tá sé próiseáilte ina bpíosaí nach mó ná 2,5 cm ar tiús agus ar leithead.'

2. Leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na pointí 17.2 agus 17.3 seo a leanas i ndiaidh phointe 17.1:

'17.2	Plandaí le haghaidh plandú ag a bhfuil trastomhas gais 1 cm nó níos mó de *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp., agus *Ulmus* spp., de thionscnamh limistéir chríochaithe arna bhunú de bhun Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 20251952 nó a tugadh isteach i láthair táirgthe i limistéar den sórt sin	Ráiteas oifigiúil gur fásadh na plandaí ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh a ngluaiseacht, nó i gcás plandaí atá níos óige ná 2 bhliain, ar feadh a saoil, in ionad táirgthe a chomhlíonann na ceanglais uile seo a leanas: (a) tá dhá chigireacht oifigiúla ar a laghad déanta air gach bliain maidir le haon chomhartha de *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky), agus sin déanta ag tráthanna iomchuí, agus níl aon chomhartha den sórt sin aimsithe, lena n-áirítear, más iomchuí, i gcás ina ndearnadh sampláil scriosach spriocdhírithe ar ghais agus ar bhrainsí plandaí, agus (b) inar fásadh na plandaí i láithreán: (i) a bhfuil aonrú fisiceach aige i gcoinne thabhairt isteach *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky); nó (ii) ina ndearnadh suirbhéanna oifigiúla maidir le láithreacht nó comharthaí *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) gach bliain laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall ar an láithreáin ag amanna iomchuí, agus nach bhfuil aon *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) ná aon chomhartha de aimsithe agus sna cásanna seo a leanas: (iii) — tá cóireálacha coisctheacha curtha i bhfeidhm; nó — tá sampláil scriosach spriocdhírithe déanta ar gach luchtóg roimh ghluaiseacht, lena n-áirítear sampláil scriosach spriocdhírithe ar bhrainsí agus ar ghais plandaí.

		Bhí méid an tsampla a bhfuil cigireacht le déanamh air faoi phointe (a) leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %; Féadfar fréamhstoic a chomhlíonann ceanglais phointí (a) agus (b) a bheangú le beangáin, nár fásadh faoi na dálaí sin, ach nach bhfuil níos mó ná 1 cm ar trastomhas ag a bpointe is tibhe.
17.3	Plandaí le haghaidh plandú ag a bhfuil trastomhas gais 1 cm nó níos mó ag an bpointe is tibhe, is é sin plandaí *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Alnus* spp., *Betula* spp., *Carpinus* spp., *Citrus* spp., *Cornus* spp., *Corylus* spp., *Cotoneaster* spp., *Crataegus* spp., *Fagus* spp., *Lagerstroemia* spp., *Malus* spp., *Melia* spp., *Ostrya* spp., *Photinia* spp., *Platanus* spp., *Populus* spp., *Prunus laurocerasus*, *Pyrus* spp., *Rosa* spp., *Salix* spp., *Ulmus* spp. agus *Vaccinium corymbosum*, de thionscnamh limistéir chríochaithe arna bhunú de bhun Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 ón gCoimisiún (*) nó a tugadh isteach i láthair táirgthe i limistéar den sórt sin	Ráiteas oifigiúil gur fásadh na plandaí ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh a ngluaiseacht, nó i gcás plandaí atá níos óige ná 2 bhliain, ar feadh a saoil, in ionad táirgthe a chomhlíonann na ceanglais uile seo a leanas: (a) tá dhá chigireacht oifigiúla ar a laghad déanta air gach bliain maidir le haon chomhartha de *Anoplophora chinensis* (Forster), agus sin déanta ag tráthanna iomchuí, agus níl aon chomhartha den sórt sin aimsithe, lena n-áirítear i gcás ina ndearnadh sampláil scriosach spriocdhírithe ar ghais agus ar bhrainsí plandaí, agus (b) fásadh na plandaí i láithreán: (i) a bhfuil aonrú fisiceach aige i gcoinne thabhairt isteach *Anoplophora chinensis* (Forster); nó (ii) ina ndearnadh suirbhéanna oifigiúla maidir le láithreacht nó comharthaí *Anoplophora chinensis* (Forster) gach bliain laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall ar an láithreáin ag tráthanna iomchuí, agus nach bhfuarthas aon *Anoplophora chinensis* (Forster) ná aon chomhartha de ann; agus (iii) — ina bhfuil cóireálacha coisctheacha curtha i bhfeidhm; nó — ina bhfuil sampláil scriosach spriocdhírithe déanta ar gach luchtóg roimh ghluaiseacht, lena n-áirítear sampláil scriosach spriocdhírithe ar fhréamhacha agus ar ghais plandaí. Bhí méid an tsampla a bhfuil cigireacht le déanamh air faoi phointe (a) leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %; Féadfar fréamhstoic a chomhlíonann ceanglais phointí (a) agus (b) a bheangú le beangáin, nár fásadh faoi na dálaí sin, ach nach bhfuil níos mó ná 1 cm ar trastomhas ag a bpointe is tibhe.’

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2022 lena suitear bearta chun tabhairt isteach, bunú agus leathadh Anoplophora chinensis (Forster) laistigh de chríoch an Aontais a chosc agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/138/AE (IO L 281, 31.10.2022, lch. 53, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2095/oj).

(b) cuirtear isteach na pointí 30 go 32 seo a leanas:

‘30.	Adhmad ó *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp., agus *Ulmus* spp., de thionscnamh limistéar críochaithe arna mbunú de bhun Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1952 nó nach de thionscnamh na limistéir chríochaithe sin ach ar tugadh isteach iontu é, seachas sna foirmeacha seo a leanas: — sliseanna, cáithníní, scamhacháin, dramhaíl agus fuíoll adhmaid, a fuarthas go hiomlán nó i bpáirt ó na plandaí sin; — ábhar pacáistíochta adhmaid, i bhfoirm cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumaí agus pacáistíocht chomhchosúil, pailléid, pailléid bhoscaí agus cláir lódála eile, coiléir pailléad, starráil, cibé acu atá sé nó nach bhfuil sé in úsáid chun earraí de gach cineál a iompar, seachas starráil a thacaíonn le coinsíneachtaí adhmaid, atá déanta as adhmad den chineál céanna agus den cháilíocht chéanna leis an adhmad atá sa choinsíneacht agus a chomhlíonann na ceanglais fíteashláintíochta chéanna de chuid an Aontais agus a chomhlíonann an t-adhmad sa choinsíneacht, ach lena n-áirítear adhmad nach bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn coinnithe aige.	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis an adhmad: a) tá sé rúiscthe; agus (b) tá cóireáil teasa iomchuí déanta air chun íosteocht 56 C a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad leanúnach ar a laghad fad phróifíl iomlán an adhmaid, lena n-áirítear ag a chroílár, agus é sonraithe leis an marc ‘HT’ ar an adhmad nó ar aon chlúdach i gcomhréir leis an úsáid a bhaintear as faoi láthair.
31.	Adhmad i bhfoirm sliseanna, cáithníní, scamhachán, dramhaíl agus fuíoll, a fuarthas go hiomlán nó i bpáirt ó *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp., agus *Ulmus* spp., *de thionscnamh limistéir chríochaithe arna bhunú de bhun Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)2025/1952*	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis an adhmad: (a) tá sé rúiscthe agus tá cóireáil teasa iomchuí déanta air chun íosteocht 56 C a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad leanúnach ar a laghad fad phróifíl iomlán an adhmaid (lena n-áirítear ag a chroílár); nó (b) tá sé próiseáilte ina bpíosaí nach mó ná 2,5 cm ar tiús agus ar leithead.
32.	Ábhar pacáistíochta adhmaid ó *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp., agus *Ulmus* spp., de thionscnamh limistéir chríochaithe arna bhunú de bhun Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1952	Maidir le hábhar pacáistíochta an adhmaid: (a) tá sé déanta as adhmad rúiscthe, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta FAO Uimh. 15 maidir le hábhar pacáistíochta adhmaid a rialáil sa trádáil idirnáisiúnta, agus tá ceann de na cóireálacha formheasta déanta air mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta sin, agus (b) taispeánann sé marc mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta sin, lena léirítear go bhfuil cóireáil fíteashláintíochta fhormheasta déanta ar an ábhar pacáistíochta adhmaid i gcomhréir leis an gcaighdeán seo.’

3. In Iarscríbhinn XI, Cuid A, pointe 12 a ghabhann le Rialachan Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘*Acer* L., *Aesculus* L., *Alnus* L., *Betula* L., *Carpinus* L., *Cercidiphyllum* Siebold & Zucc., *Corylus* L., *Fagus* L., *Fraxinus* L., *Koelreuteria* Laxm., *Platanus* L., *Populus* L, *Salix* L., *Tilia* L. agus *Ulmus* L., …’:

‘*Acer* L., *Aesculus* L., *Betula* L., *Fraxinus* L., *Populus* L., *Salix* L. agus *Ulmus* L., lena n-áirítear adhmad nach bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn coinnithe aige	Connadh, atá ina cheapa, ina smutáin, ina chipíní, ina bhrosna, nó i bhfoirmeacha den chineál sin; adhmad atá ina sliseanna nó ina cháithníní; min sáibh agus dramhaíl agus fuíoll adhmaid, bíodh sé ceirtleánaithe i bhfoirm spreotaí, brícíní nó millíní nó i bhfoirmeacha dá samhail, nó ná bíodh: – Connadh, atá ina cheapa, ina smutáin, ina chipíní, ina bhrosna, nó i bhfoirmeacha den chineál sin: – – Neamh-bhuaircíneach: **ex 4401 12 00** – Adhmad atá ina sliseanna nó ina cháithníní: – – Neamh-bhuaircíneach: – – – Eile (seachas eocalaip (*Eucalyptus* spp.)): **ex 4401 22 90** – Dramhaíl agus fuíoll adhmaid, nach bhfuil ceirtleánaithe: – – – Coirt agus dramhaíl táirgeachta, fuíoll, fuílligh agus iarmhair: **ex 4401 49 10** – – – Eile: **ex 4401 49 90** Adhmad neamhchóirithe, nach bhfuil an choirt ná an sú-adhmad bainte de, agus nach bhfuil cearnaithe go garbh: – Atá cóireáilte le péint, ruaimeanna, créasóid nó leasaithigh eile: – – Neamh-bhuaircíneach: **ex 4403 12 00** Adhmad neamhchóirithe, bíodh an choirt nó an sú-adhmad bainte de nó ná bíodh, nó é cearnaithe go garbh: – Seachas atá cóireáilte le péint, ruaimeanna, créasóid nó leasaithigh eile: – As beith (*Betula* spp.): **4403 95 10** **4403 95 90** **4403 96 00** – – As poibleog agus as crann creathach (*Populus* spp.): **4403 97 00** – – Eile: **ex 4403 99 00** Cuaillí scoilte; cairn, cuaillí agus stácaí adhmaid, a bhfuil pointe orthu ach nach bhfuil sáfa ar a bhfad: Neamh-bhuaircíneach: **ex 4404 20 00**	An tSín, an tSeapáin, an Liobáin, an Chóiré Thuaidh, an Chóiré Theas, an Eilvéis, na Stáit Aontaithe’

	Trasnáin iarnróid nó trambhealaí (trascheangail) as adhmad: – Nach bhfuil tuilithe: – – Neamhbhuaircíneach: **ex 4406 12 00** - Eile (seachas iad siúd nach bhfuil tuilithe): --Neamhbhuaircíneach: **ex 4406 92 00** Adhmad atá sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh, agus atá ar tiús is mó ná 6 mm: – – As mailp (*Acer* spp.): **4407 93 10** **4407 93 91** **4407 93 99** – – As fuinseog (*Fraxinus* spp.): **4407 95 10** **4407 95 91** **4407 95 99** – – Déanta as beith (*Betula* spp.): **4407 96 10** **4407 96 91** **4407 96 99** – – As poibleog agus as crann creathach (*Populus* spp.): **4407 97 10** **4407 97 91** **4407 97 99** – – Eile: **ex 4407 99 27** **ex 4407 99 40** **ex 4407 99 90** Leatháin atá le veiníriú (lena n-áirítear leatháin a fhaightear trí adhmad lannaithe a shliseadh), leatháin le haghaidh sraithadhmaid nó le haghaidh adhmaid lannaithe chomhchosúil agus adhmaid eile, atá sáfa ar a fhad, sliste nó scafa, bíodh sé plánáilte, greanáilte, scarshiúntaithe nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh, nach mó ná 6 mm a dtiús: **ex 4408 90 15** **ex 4408 90 35** **ex 4408 90 95** Adhmad (lena n-áirítear stiallacha agus fríosanna d'urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte) atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eitrithe, céimnithe, seaimféaráilte, V-siúntáilte, feirbthe, múnlaithe, maolaithe nó a leithéidí) ar feadh aon cheann de na himill, dá chinn nó dá éadain, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh: – – – Neamh-bhuaircíneach, eile: **ex 4409 29 91** **ex 4409 29 99** Cascaí, bairillí, dabhcha, tobáin agus táirgí cúipéara eile agus codanna díobh as adhmad, lena n-áirítear na stéibheanna: **ex 4416 00 00** Foirgnimh réamhdhéanta d'adhmad: **ex 9406 10 00**	

4. In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, cuirtear isteach na pointí 4.2 agus 4.3 seo a leanas i ndiaidh phointe 4.1:

‘4.2. Adhmad, seachas adhmad i bhfoirm sliseanna, cáithníní, scamhachán, dramhaíl agus fuíoll adhmaid de thionscnamh limistéar críochaithe nó adhmaid a choinníonn a dhromchla cruinn ina iomláine nó cuid de, nach de thionscnamh na limistéar críochaithe sin é ach a tugadh isteach sna limistéir chríochaithe sin ó *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp. agus *Ulmus* spp., dá dtagraítear i bpointe 30 d’Iarscríbhinn VIII.

4.3. Adhmad i bhfoirm sliseanna, cáithníní, scamhacháin, dramhaíl agus fuíoll adhmaid de thionscnamh limistéar críochaithe, a fuarthas go hiomlán nó i bpáirt ó *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp. agus *Ulmus* spp., dá dtagraítear i bpointe 31 d’Iarscríbhinn VIII.’